Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11679/26**

**VETER 116**
**AGRILEG 184**
**SAN 576**
**DENLEG 71**
**PHYTOSAN 68**
**SEMENCES 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 351 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (‘Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla’) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 351 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 351 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.7.2026
COM(2026) 351 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (‘Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla’)**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (‘Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla’)**

## 1. RÉAMHRÁ

Is é Rialachán (AE) 2017/625[1] an bunghníomh lena rialaítear déanamh na rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh rialacha an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhíorú, lena n-áirítear nuair atá feidhm ag na rialacha sin maidir le hainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha. Leis sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

## 2. BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an tuarascáil seo faoi Airteagal 144(2) de Rialachán (AE) 2017/625, ar dá réir a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 28 Aibreán 2017. Déantar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh gach tréimhse 5 bliana. Chuir sé a chéad tuarascáil isteach an 9 Iúil 2021[2].

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

---

[1] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 095, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).

[2] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (‘Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), COM/2021/383 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52021DC0383.

## 3.1. CUMHACHTUITHE A ÚSÁIDEADH LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Le linn na tréimhse tuairiscithe[3], d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe trí na gníomhartha tarmligthe seo a leanas a ghlacadh[4]:

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2156 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh a bhunú le haghaidh an heipitíteas eansótach[5], a tháinig i bhfeidhm an 27 Nollaig 2021 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2089 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 a mhéid a bhaineann le catagóirí áirithe d'earraí a mbaineann riosca íseal leo, earraí ar cuid iad de bhagáiste pearsanta paisinéirí agus peataí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear an Rialachán Tarmligthe sin agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 a mhéid a bhaineann le tagairtí do reachtaíocht aisghairthe áirithe[6], a tháinig i bhfeidhm an 20 Nollaig 2021 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2244 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta samplála maidir le hiarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha[7], a tháinig i bhfeidhm an 6 Eanáir 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an 15 Nollaig 2022.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na cásanna ina ndíolmhaítear táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus na coinníollacha faoina ndíolmhaítear iad, mar aon le rialacha maidir leis an áit ina ndéantar rialuithe oifigiúla ar na táirgí sin, agus lena leasaítear Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/2123 agus (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún[8], a tháinig i bhfeidhm an 30 Nollaig 2021 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/671 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ar ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí geirmeacha, maidir le gníomhaíocht leantach atá le déanamh ag an údarás inniúil i gcás neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a shainaithint agus a chlárú nó i gcás neamhchomhlíontachta le linn idirthuras bó-ainmhithe áirithe tríd an Aontas, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)

---

3 Ós rud é gurbh é an 15 Meitheamh 2021 an scoithdháta chun bheith sa chéad tuarascáil, is é an 16 Meitheamh 2021 go dtí an 15 Meitheamh 2026 an tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo.
4 Liostaítear na gníomhartha tarmligthe in ord croineolaíoch a nglactha.
5 IO L 436, 7.12.2021, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2156/oj.
6 IO L 427, 30.11.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2089/oj.
7 IO L 453, 17.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2244/oj.
8 IO L 461, 27.12.2021, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2305/oj.

Uimh. 494/98 ón gCoimisiún[9], a tháinig i bhfeidhm an 15 Bealtaine 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia[10], a tháinig i bhfeidhm an 7 Iúil 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/887 ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 a mhéid a bhaineann le cóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus cóid an Chórais Chomhchuibhithe agus coinníollacha allmhairiúcháin táirgí ilchodacha áirithe, lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 a mhéid a bhaineann le hearraí áirithe agus peataí éin atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le táirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann[11], a tháinig i bhfeidhm an 27 Meitheamh 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1615 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2022 lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann[12], a tháinig i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh[13], a tháinig i bhfeidhm an 16 Deireadh Fómhair 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an 15 Nollaig 2022.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1667 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cásanna d'amhras go bhfuil neamhchomhlíontacht ann nó neamhchomhlíontacht arna suí le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe i dtáirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheatha nó i gcásanna d'amhras go bhfuil neamhchomhlíontacht ann nó neamhchomhlíontacht arna suí le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de[14], a tháinig i bhfeidhm an 19 Nollaig 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

---

9 IO L 122, 25.4.2022, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/671/oj.
10 IO L 162, 17.6.2022, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/931/oj.
11 IO L 154, 7.6.2022, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/887/oj.
12 IO L 243, 20.9.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1615/oj.
13 IO L 248, 26.9.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1644/oj.
14 IO L 251, 29.9.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1667/oj.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas[15], a tháinig i bhfeidhm an 14 Nollaig 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an 15 Nollaig 2022.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2258 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh, le huibheacha agus le táirgí an-mhínphróiseáilte áirithe, agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha áirithe[16], a tháinig i bhfeidhm an 8 Nollaig 2022 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/182 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, rialuithe sonracha maidir le bagáiste pearsanta paisinéirí agus maidir le coinsíneachtaí beaga earraí a sheoltar chuig daoine nádúrtha, earraí nach bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh[17], a tháinig i bhfeidhm an 19 Feabhra 2023 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/842 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le rialuithe oifigiúla a dhéanamh chun comhlíonadh na gceanglas maidir le leas ainmhithe a fhíorú i ndáil le hainmhithe a iompar ar shoithí beostoic[18], a tháinig i bhfeidhm an 14 Bealtaine 2023 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1149 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2023 lena gceartaítear an leagan Polainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas[19], a tháinig i bhfeidhm an 3 Iúil 2023 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1674 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann le leatháin agus ullmhóidí áirithe chun deochanna ina bhfuil cócó, bianna ullmhaithe áirithe a fhaightear ó ghránaigh nó ó tháirgí gránach, bianna ullmhaithe áirithe a fhaightear ó rís agus ó ghránaigh eile, sceallóga agus criospaí áirithe, agus anlainn agus tarsainn áirithe a áireamh i liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe

---

15 IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2292/oj.
16 IO L 299, 18.11.2022, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2258/oj.
17 IO L 26, 30.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/182/oj.
18 IO L 109, 24.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/842/oj.
19 IO L 152, 13.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1149/oj.

(AE) 2019/2122[20], a tháinig i bhfeidhm an 21 Meán Fómhair 2023 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2652 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le mil, feoil, táirgí an-mhínphróiseáilte, capsúil gheilitín, táirgí iascaigh a theacht isteach san Aontas agus le ceanglais maidir le fianú príobháideach agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le fianú príobháideach le haghaidh táirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann[21], a tháinig i bhfeidhm an 18 Nollaig 2023 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/950 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602 a mhéid a bhaineann leis an dáta theacht i bhfeidhm agus na cásanna inar gá d'údaráis chustaim na cainníochtaí a luaitear ar an dearbhú custaim a bhaint ón gcainníocht iomlán ceadaithe a dhearbhaítear ar an Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte (CHED)[22], a tháinig i bhfeidhm an 15 Aibreán 2024 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1004 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um oibreáin feabhsaithe bia a bhunú[23], a tháinig i bhfeidhm an 23 Aibreán 2024 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2562 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 a mhéid a bhaineann le critéir áirithe chun samplaí a roghnú[24], a tháinig i bhfeidhm an 17 Deireadh Fómhair 2024 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2104 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cásanna ina bhféadfaidh údaráis inniúla a iarraidh ar oibreoirí fógra a thabhairt maidir le teacht earraí áirithe atá ag teacht isteach san Aontas, agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh na húdaráis sin déanamh amhlaidh[25], a tháinig i bhfeidhm an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an 3 Márta 2025.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/65 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha faoina gcuirtear isteach Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas ar leith le haghaidh coinsíneachtaí a aistrítear ó phost rialaithe teorann go pointe rialaithe ina ndéanfar seiceálacha céannachta agus fisiceacha[26], a tháinig i bhfeidhm an 3 Feabhra 2025 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

20 IO L 216, 1.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1674/oj.
21 IO L, 2023/2652, 28.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2652/oj.
22 IO L, 2024/950, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/950/oj.
23 IO L, 2024/1004, 3.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1004/oj.
24 IO L, 2024/2562, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2562/oj.
25 IO L, 2024/2104, 25.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2104/oj.
26 IO L, 2025/65, 14.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/65/oj.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/637 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le táirgí déiríochta áirithe, breiseáin bhia áirithe a dhíorthaítear ó ainmhithe, cásálacha collaigine, feoil mhionaithe, ullmhóidí feola, feoil díchnámhaithe go meicniúil agus táirgí ilchodacha a bhfuil capsúil gheilitín iontu a theacht isteach san Aontas[27], a tháinig i bhfeidhm an 19 Bealtaine 2025 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/687 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 a mhéid a bhaineann le cigireachtaí réamhbháis i seamlais, cigireachtaí réamhbháis ar láthair an ghabháltais bunáitíochta agus cigireachtaí iarbháis[28], a tháinig i bhfeidhm an 27 Aibreán 2025 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/273 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2026 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann[29], a tháinig i bhfeidhm an 14 Aibreán 2026 agus a tosaíodh á chur i bhfeidhm an dáta céanna i bpáirt, agus an 22 Aibreán 2026 i bpáirt.

Thug an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi gach ceann de na gníomhartha tarmligthe sin, i gcomhréir le hAirteagal 144(5) de Rialachán (AE) 2017/625. Ní dhearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid in aghaidh aon cheann de na gníomhartha sin.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'úsáid an Coimisiún 12 cheann de na 38 gcumhachtú atá i Rialachán (AE) 2017/625. As an 12 chumhachtú sin, baineadh úsáid pháirteach as 8 gcinn acu. Rinneadh roinnt cumhachtaí tarmligthe a chuachadh chun gníomh tarmligthe aonair a ghlacadh, ina bhfuil nasc substainteach idir na rialacha, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[30].

## 3.2. CUMHACHTUITHE NÁR ÚSÁIDEADH LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Níor úsáideadh cumhachtuithe áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625 le linn na tréimhse tuairiscithe ach tá gá leo fós, ar na cúiseanna a mhínítear thíos.

- Airteagal 10(3)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le leasú a dhéanamh ar na rialacha lena leagtar amach catagóirí oibreoirí atá le díolmhú ón liosta oibreoirí arna tharraingt suas ag na húdaráis inniúla, i gcás ina mbeadh ualach riaracháin díréireach orthu iad a chur ar liosta den sórt sin i gcomparáid leis an riosca a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí.

27 IO L, 2025/637, 29.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/637/oj.
28 IO L, 2025/687, 7.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/687/oj.
29 IO L, 2026/273, 13.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/273/oj.
30 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le reachtóireacht níos fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj), section V, point 31.

- Airteagal 18(7), pointí (b), (c), (f) agus (h) go (k), Airteagal 19(2), pointe (c), 20(2), pointe (b), 21(8), pointí (b), (d) agus (e), agus Airteagal 22(2), 23(2), 24(3), 26(2), agus 27(1)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le rialacha a shuí agus/nó a leasú maidir le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh agus maidir le bearta atá le déanamh tar éis na rialuithe sin, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus na rialacha maidir le rialuithe oifigiúla i Rialachán (AE) 2017/625 agus gníomhartha gaolmhara á gcur chun feidhme, chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh agus ar éagsúlachtaí i gcleachtais forfheidhmiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na mBallstát.

- Airteagal 41

Tá gníomh tarmligthe á ullmhú ag an gCoimisiún bunaithe ar an gcumhachtú in Airteagal 41[31] chun na coinníollacha a shonrú maidir le saotharlanna tagartha a ainmniú, saotharlanna nach gcomhlíonann cuid de na coinníollacha a shainítear i Rialachán (AE) 2017/625 i ndáil leis na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla, agus i ndáil leis na caighdeáin ar i gcomhréir leo a oibríonn siad.

- Airteagal 47(3)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le Rialachán (AE) 2017/625 a leasú maidir leis na catagóirí coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, chun táirgí a bhfuil riosca nua-aitheanta nó riosca atá méadaithe go mór ag baint leo a chur san áireamh.

- Airteagal 48, pointí (a) agus (g)

Tá gá leis na cumhachtuithe sin chun é a chur ar a chumas don Choimisiún rialacha a ghlacadh agus/nó a leasú chun na cásanna a shuí ina ndíolmhaítear earraí a sheoltar mar shamplaí trádála nó mar ítimí le taispeáint do thaispeántais agus earraí a ndearnadh cóireáil shonrach orthu ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus chun na coinníollacha a shuí faoina ndíolmhaítear na hearraí sin.

- Airteagal 49(5)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le ceanglais shonracha oiliúna a shuí maidir le seiceálacha fisiceacha a dhéanamh ag poist rialaithe teorann.

- Airteagal 51(1), pointí (b) go (e)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le teorainneacha ama agus socruithe a shuí chun seiceálacha a dhéanamh, chomh maith le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha a dhéanamh ag poist rialaithe teorann, seachas post an chéad teacht isteach, ar choinsíneachtaí trasloingsithe agus ar ainmhithe a thagann d'aer nó ar muir agus a fhanann ar an modh iompair céanna le haghaidh taisteal ar aghaidh agus maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar sin a dhéanamh, rialacha maidir le hidirthuras coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí, agus maoluithe

[31] Beidh an gníomh tarmligthe bunaithe, i measc nithe eile, ar an leagan leasaithe d'Airteagal 41, más rud é go nglactar an leasú a mhol an Coimisiún ina thogra le haghaidh Rialachán lena leasaítear, inter alia, Rialachán (AE) 2017/625 (COM(2025) 1030 final).

ar na rialacha maidir le seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha a mhéid a bhaineann le trasloingsiú agus idirthuras coinsíneachtaí.

- Airteagal 51(2)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá leis na cásanna a shonrú inar cheart feidhm a bheith ag maoluithe ar na rialacha maidir le seiceálacha doiciméadacha, agus na coinníollacha faoinar cheart feidhm a bheith ag na maoluithe sin, a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí trasloingsithe agus idirthuras coinsíneachtaí a bhfuil deimhniú fíteashláintíochta ag teastáil ina leith chun iad a thabhairt isteach san Aontas.

- Airteagal 53(1), pointí (b) agus (c) agus pointe (d)(i) agus (iii)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le rialacha a shuí agus/nó a leasú maidir le rialuithe oifigiúla nach ndéantar ag post rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus Rialachán (AE) 2017/625 á chur chun feidhme. Agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá le rialacha maidir le cúraimí sonracha rialaithe a d'fhéadfadh údaráis chustaim nó údaráis phoiblí eile a dhéanamh, cuireann an Coimisiún san áireamh freagrachtaí i ndáil le rialuithe oifigiúla a thugtar d'údaráis chustaim le gníomhartha eile de chuid an Aontais[32].

- Airteagal 62(3) agus Airteagal 64(2) agus (5)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le maoluithe ar na rialacha maidir le hainmniú post rialaithe teorann a shuí agus/nó a leasú, agus ar na híoscheanglais le haghaidh poist rialaithe teorann, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1012 ón gCoimisiún[33] á chur chun feidhme.

- Airteagal 71(3)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le ceanglais agus coinníollacha a shuí agus/nó a leasú ar i gcomhréir leo a dhéanfar cóireáil speisialta ar choinsíneachtaí.

- Airteagal 77(1), pointí (a) go (g), (i) agus (j) agus Airteagal 77(2)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le rialacha a shuí agus/nó a leasú maidir le rialuithe oifigiúla sonracha agus maidir le bearta atá le déanamh tar éis rialuithe a dhéanamh, agus maidir leis na coinníollacha chun faireachán a dhéanamh ar iompar agus ar theacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe, i bhfianaise na taithí a fuarthas i gcur chun feidhme na rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625 agus i ngníomhartha gaolmhara.

32 Mar shampla, Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

33 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1012 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhaolú ar na rialacha maidir le hainmniú na bpointí rialaithe agus ar na híoscheanglais le haghaidh poist rialaithe teorann (IO L 165, 21.6.2019, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1012/oj).

- Airteagal 99(2)

Mar sin féin, tá an cumhachtú sin teoranta do chásanna ina bhfuil rioscaí nua nó rioscaí ag teacht chun cinn, galair ainmhithe nua nó galair ainmhithe ag teacht chun cinn nó lotnaidí plandaí nua nó lotnaidí plandaí ag teacht chun cinn nó do chásanna ina dtugtar údar leis sin le ceanglais dhlíthiúla nua. Níor tháinig aon chás ná ceanglas den sórt sin chun cinn go fóill, ach d'fhéadfaidís teacht chun cinn amach anseo.

- Airteagal 100(6) agus Airteagal 101(2)

Tá gníomh tarmligthe á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair bunaithe ar an gcumhachtú in Airteagal 100(6)[34],, maidir le ceanglais chun saotharlanna tagartha náisiúnta a ainmniú. Tá measúnú leanúnach á dhéanamh aige freisin ar an ngá atá le freagrachtaí agus cúraimí a shuí do shaotharlanna tagartha náisiúnta chun comhleanúnachas a áirithiú le haon fhreagrachtaí agus cúraimí breise arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 99(2).

- Airteagal 108(3)

Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an ngá atá le rialacha maidir le mearmhalartú faisnéise a shuí agus/nó a leasú i gcás nach bhfuil na húdaráis inniúla sna Ballstáit in ann teacht ar chomhaontú maidir le gníomhaíocht iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh.

- Airteagal 142(1)

Tá an cumhachtú sin teoranta do Rialachán (AE) 2017/625 a leasú maidir le leasuithe ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis, chun athruithe ar na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), dul chun cinn teicniúil nó forbairtí eolaíocha a chur san áireamh. Le linn na tréimhse tuairiscithe, ní raibh aon athrú ná dul chun cinn ann a thug údar le leasuithe ar na hiarscríbhinní sin.

- Airteagal 142(2)

Le linn na tréimhse tuairiscithe, ní dhearna an Coiste Eorpach um Chaighdeánú ('CEN') aon leasú ábhartha ar na caighdeáin Eorpacha dá dtagraíonn an cumhachtú sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá gníomh tarmligthe a ghlacadh maidir le haon leasú a dhéanfadh CEN amach anseo.

- Airteagal 149(2), Airteagal 150(3), Airteagal 154(3), Airteagal 155(3) agus Airteagal 165(3)

Leis na cumhachtuithe sin cuirtear ar a chumas don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Rialachán (AE) 2017/625 a leasú maidir leis na dátaí dá dtagraítear in Airteagail 149(1),150(1) agus (2), 154(2), 155(2) agus 165(2). Ní raibh aon ghá ag an gCoimisiún na cumhachtuithe sin a úsáid le linn na tréimhse tuairiscithe.

## CONCLÚID

[34] Beidh an gníomh tarmligthe bunaithe, i measc nithe eile, ar an leagan leasaithe d'Airteagal 100(6), más rud é go nglactar an leasú a mhol an Coimisiún ina thogra le haghaidh Rialachán lena leasaítear, *inter alia*, Rialachán (AE) 2017/625 (COM(2025) 1030 final).

Measann an Coimisiún gur cheart síneadh 5 bliana a chur go hintuigthe leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625, i gcomhréir le hAirteagal 144(2). Beidh gá fós le rialacha a fhorbairt bunaithe ar na cumhachtuithe sin, agus tá sé tábhachtach an tsolúbthacht is gá a sholáthar sa chreat dlíthiúil, é a chomhlánú agus é a chur in oiriúint go tráthrialta do na caighdeáin eolaíocha is déanaí agus cead a thabhairt don Choimisiún gníomhú i réimsí nár ghníomhaigh sé iontu le linn na tréimhse tuairiscithe.

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 144(2) de Rialachán (AE) 2017/625.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.